Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2022 (OR. fr)**

**10535/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0166(COD)**

**CODEC 972**
**AGRI 285**
**AGRILEG 103**
**AGRISTR 44**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a mhéid a bhaineann le beart sonrach chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) mar fhreagairt ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. Ar an 20 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 42 agus ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 16 Meitheamh 2022, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh[2].

3. An 17 Meitheamh 2022, d'fhormhuinigh an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa agus d'údaraigh sé don Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) ina gcuirtear in iúl, i gcás go nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir a athbhreithnithe arna dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfar an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

[1] 9347/22.
[2] Gan foilsiú fós in IO.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 23 Meitheamh 2022[3].

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Meitheamh 2022, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 25/22 é, a fhormheas mar ítim 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus maolú a dhéanamh ar an tréimhse ocht seachtaine dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas.

6. In Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, leagtar amach an ráiteas ón tSlóvaic le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle.

7. Iarrtar ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh mar a leagtar amach in PE-CONS 25/22 é, a fhormheas;

– an aontaíonn sibh maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] 10534/22.